# AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

## RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022**

**CLÁR NA nÁBHAR**


| | *Leathanach* |
|---|---|
| Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile | 3 |
| Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle | 4-9 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 10-13 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 14-16 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | 17 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 18 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 19 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 20 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 21 – 32 |

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

**COMHALTAÍ NA COMHAIRLE AGUS FAISNÉIS EILE**

COMHALTAÍ NA COMHAIRLE amhail an 31 Nollaig 2022

Sean O'Driscoll (Uachtarán agus Cathaoirleach)

| | |
|---|---|
| Alan Barrett | Anne O'Leary |
| Katy Hayward | Ciarán Ó hÓgartaigh* |
| Sandra McNally* | Rowena Pecchenino* |
| Gabriel Makhlouf | Orlaigh Quinn |
| David Moloney | Pat Rabbitte |
| Ronan Murphy* | |

Is iad Comhaltaí na Comhairle Stiúrthóirí na hInstitiúide.

*Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta

Tá Coiste Iniúchóireachta na hInstitiúide comhdhéanta de cheathrar Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin den Chomhairle.

| | |
|---|---|
| INIÚCHÓIRÍ | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| BAINCÉIRÍ | Banc na hÉireann<br>Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| | Havbell<br>2 Cearnóg na Canálach Móire<br>Calafort na Canálach Móire<br>Baile Átha Cliath 2 |
| SOLICITORS | Aturnaetha Hayes<br>Teach Lavery<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 |
| RÚNAÍ agus<br>OIFIG CHLÁRAITHE | Charles O'Regan<br>Cearnóg Whitaker<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |

Eagraíocht neamhbhrabúis í an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, atá cláraithe mar charthanas faoin uimhir chlárúcháin CHY5335.

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

## TUAIRISC CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE, 2022

Cuireann comhaltaí na Comhairle i láthair a dtuairisc agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

**Príomhghníomhaíochtaí**

Déanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) taighde a dheartar le heolas a chur ar fáil ar phríomh-shaincheisteanna eacnamaíocha agus sóisialta in Éirinn.

**Súil Siar ar Chúrsaí Airgeadais**

Is aidhm leis an Institiúid maoiniú leordhóthanach a thiomsú lena chinntiú go n-éiríonn léi a cuid costas a chlúdach agus a clár oibre taighde a chur chun cinn. D'éirigh léi déanamh amhlaidh in 2022, tráth a raibh barrachas oibriúcháin €381,817 ann. Is é an straitéis fhadtéarmach ná inbhuanaitheacht airgeadais a fhorbairt trí bhíthin cláir ilbhliantúla thaighde a ndéanann ranna agus gníomhaireachtaí rialtais iad a mhaoiniú. Bíonn níos mó cinnteachta ó thaobh airgeadais de ag baint lena leithéid de shruthanna maoinithe i gcomparáid le tionscadail chomhairleachta aonuaire.

**Príomhrioscaí**

Is é an staidéar *Fás Aníos in Éirinn* an tionscadal taighde is mó dá ndéanann an Institiúid (€1.6m). Rinne an Institiúid, an Príomh-Oifig Staidrimh, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige cinneadh le chéile go ndéanfaí an staidéar a aistriú chun na Príomh-Oifige Staidrimh i ndiaidh 2022. Tugadh aitheantas sa chinneadh sin go bhfuil an staidéar chomh tábhachtach sin gur chóir é a neadú i gcórais oifigiúla bailithe sonraí an Stáit. De bhun an chinnidh sin, cuireadh tús le plé in 2019 idir na trí ghníomhaireacht maidir leis an mbealach a ndéanfaí an t-aistriú a bhainistiú. Beidh tionchar suntasach airgeadais aige sin ar an Institiúid tar éis 2022. Táthar ag breathnú ar fhoinsí féideartha eile ioncaim, lena n-áirítear spás oifige a bheidh díomhaoin tar éis an aistrithe a ligean ar cíos agus cur leis an mballraíocht chorparáideach.

**Stádas Dlí**

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í an Institiúid, a corpraíodh in 1960 faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1908-1959 agus atá cláraithe in Éirinn faoin uimhir chlárúcháin 18269. Is é Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2 an oifig chláraithe.

Cé gur cuideachta faoi dhliteanas teoranta í an Institiúid, tá sí díolmhaithe ón oibleagáid leis an bhfocal "teoranta" a úsáid mar chuid dá hainm. Eagraíocht neamhbhrabúis í atá cláraithe mar charthanas faoin uimhir chlárúcháin CHY5335.

**Sábháilteacht agus Sláinte**

Tá an Institiúid tiomanta do cheanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chur i bhfeidhm chun sláinte agus sábháilteacht fhostaithe uile na hInstitiúide, mar aon le cuairteoirí ar an Institiúid, a chinntiú. Tá ráiteas sábháilteachta i scríbhinn ullmhaithe agus á chur i bhfeidhm de réir an Achta.

**Comhionannas**

Is fostóir comhionannas deiseanna í an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

**Iniúchóirí**

Faoi Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de fhreagracht ar an Ard-Reachtaire agus Ciste ráitis airgeadais na hInstitiúide a iniúchadh. Is é tuairim chomhaltaí na Comhairle nach ann d'aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas fúithi.

**Rialachas**

Tá neamhspleáchas acadúil iomlán ag an Institiúid agus tá sí freagrach dá cuid ball suibscríobhaithe ar deireadh thiar. Is éard atá sa Chomhairle i ndáiríre ná bord stiúrthóirí na hInstitiúide. Freastalaíonn Rúnaí na Cuideachta agus beirt ionadaithe don Choiste Bainistíochta ar chruinnithe na Comhairle ach gan vóta a bheith acu. Seachas Stiúrthóir na hInstitiúide, is comhalta ex-officio, ní thugtar luach saothair do chomhaltaí Chomhairle na hInstitiúide.

Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh na hInstitiúide ó lá go lá. Ní mór don Stiúrthóir agus don lucht ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, mar aon le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta na hInstitiúide.

Tá an Institiúid faoi réir na rialacha a bhaineann le heagraíochtaí stáit maidir le híocaíochtaí prasa, nochtadh, bainistíocht riosca agus imréiteach cánach. Tagann an Institiúid faoi shainchúram Oifig an Ombudsman agus an Ombudsman do Leanaí chomh maith.

## Freagrachtaí na Comhairle

Tá ról agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach in Airteagail Chomhlachais na hInstitiúide.

Forchoimeádtar na príomhábhair seo a leanas lena gcinneadh ag an gComhairle:

- Cuspóirí fadtéarmacha agus straitéis oibríochta na heagraíochta a cheadú.
- Ceannacháin agus infheistíochtaí suntasacha a cheadú.
- Conarthaí móra a cheadú.
- Na buiséid bhliantúla oibriúcháin agus caiteachais caipitil a cheadú.
- An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a cheadú.
- Ceapadh agus luach saothair an Stiúrthóra.

Éilítear ar chomhaltaí na Comhairle ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid na cuideachta ó thaobh airgeadais de agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta sa bhliain. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí na Comhairle:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé neamhfhóirsteanach talamh slán a dhéanamh de go leanfar d'fheidhmiú na cuideachta.
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Deimhníonn comhaltaí na Comhairle gur chomhlíon siad na ceanglais thuas. Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád a nochtann staid na cuideachta ó thaobh airgeadais de ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha Achtanna na gCuideachtaí, 2014. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

Is í an Chomhairle a bhíonn freagrach as an bplean bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht na hInstitiúide ar an 28 Feabhra 2023 trí thagairt don phlean bliantúil.

Lena chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta leordhóthanacha i gcomhréir le hAilt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá pearsanra atá cáilithe go hiomchuí fostaithe ag an gcuideachta agus tá córais ríomhairithe chuntasaíochta iomchuí á gcoinneáil. Tá na taifid chuntasaíochta á gcoinneáil in oifig chláraithe na cuideachta ag Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach, cóir le ráitis airgeadais na hInstitiúide ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na hInstitiúide ar an 31 Nollaig 2022.

Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht na Comhairle in 2022. Bhí athbhreithniú ardleibhéil ar éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina chuid de sin.

## Struchtúr na Comhairle

Faoi láthair tá Cathaoirleach agus deichniúr comhaltaí eile ar an gComhairle. Ó 2015 i leith, déantar comhaltaí a cheapadh chun na Comhairle go ceann 3 bliana ar dtús. Tháinig an Chomhairle le chéile 4 huaire in 2022. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Comhairle | Ról | Dáta an Cheapacháin | Deireadh an Téarma Reatha |
|---|---|---|---|
| David Moloney | Comhalta | 23/11/2010 | 23/11/2025 |
| An tOll. Alan Barrett | Comhalta | 01/07/2015 | 01/07/2025 |
| Ronan Murphy | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| Sean O'Driscoll (Cathaoirleach) | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2026 |
| An tOll. Rowena Pecchenino | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| Pat Rabbitte | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| Dr Orlaigh Quinn | Comhalta | 22/05/2018 | 22/05/2024 |
| An tUas. Gabriel Makhlouf | Comhalta | 23/05/2020 | 23/05/2023 |
| An tOll. Katy Hayward | Comhalta | 30/09/2021 | 30/09/2024 |
| An tOll. Ciaran Ó Hógartaigh | Comhalta | 30/09/2021 | 30/09/2024 |
| An tOll. Sandra McNally | Comhalta | 30/09/2021 | 30/09/2024 |
| Anne O'Leary | Comhalta | 24/02/2022 | 24/02/2025 |

Tabhair do d'aire: Is é Alan Barrett Stiúrthóir reatha na hInstitiúide agus suíonn sé ar an gComhairle i rith a théarma.

Tá ceithre choiste curtha ar bun ag an gComhairle, mar seo a leanas:

1- **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Chomhairle. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an gComhairle maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, déanann an coiste a chinntiú go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, gníomhaíochtaí iniúchóireachta ina measc. Tuairiscíonn an ARC don Chomhairle tar éis gach cruinnithe.

   Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Ronan Murphy (Cathaoirleach), an tOll. Rowena Pecchenino, an tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh agus an tOll Sandra McNally. Freastalaíonn an tOll. Alan Barrett ar an ARC ina cháil mar Stiúrthóir na hInstitiúide. Bhí ceithre chruinniú den ARC in 2022.

2- **An Coiste Gnó agus Oibríochtaí:** comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Chomhairle agus an Stiúrthóir. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Pat Rabbitte (Cathaoirleach), an tOll. Alan Barrett, David Moloney, an tOll. Katy Hayward agus Anne O'Leary. Tháinig an coiste seo le chéile trí huaire in 2022.

3- **An Coiste Rialachais agus Ainmniúchán:** comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Chomhairle. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Seán O'Driscoll (Cathaoirleach), an tOll. Alan Barrett, an tOll. Rowena Pecchenino, an Dr. Orlaigh Quinn agus Pat Rabbitte. Tháinig an coiste seo le chéile uair amháin in 2022.

4- **An Coiste Ballraíochta:** comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Chomhairle agus an Stiúrthóir. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Seán O'Driscoll (Cathaoirleach), Ronan Murphy, Gabriel Makhlouf, an tOll. Alan Barrett. Níor tháinig an coiste seo le chéile in 2022.

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais**
Leagtar amach thíos an sceideal tinrimh ag cruinnithe na Comhairle agus na gCoistí in 2022:

| | **An Chomhairle** | **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | **An Coiste Gnó agus Oibríochtaí** | **An Coiste Rialachais agus Ainmniúchán** | **Speansais** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe | 4 | 4 | 3 | 1 | |
| | | | | | |
| **Freastal** | | | | | |
| Alan Barrett | 4 | 4 | 3 | 1 | - |
| Gabriel Makhlouf | 1 | - | - | - | - |
| David Moloney | 1 | - | 2 | - | - |
| Ronan Murphy | 4 | 4 | - | - | - |
| Sean O'Driscoll | 4 | - | - | 1 | - |
| Rowena Pecchenino | 3 | 4 | - | 1 | - |
| Orlaigh Quinn | 2 | - | - | - | - |
| Pat Rabbitte | 4 | - | 3 | - | - |
| Katy Hayward | 4 | - | 3 | - | - |
| Ciaran Ó hÓgartaigh | 3 | 4 | - | - | €42 |
| Sandra McNally | 4 | 3 | - | - | €183 |

Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle táille. Aisíoctar le comhaltaí na costais a thabhaíonn siad le freastal ar chruinnithe den Chomhairle agus de Choistí eile. Thabhaigh comhaltaí den Chomhairle luach €225 de chostais.

**Príomh-Athruithe Pearsanra**
Tháinig Anne O'Leary isteach ar Chomhairle na hInstitiúide i mí Feabhra 2022

**Cineálacha nochta a éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**
Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Institiúid ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an cód"), de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Teastaíonn na nochtuithe a leanas faoin gCód:

**Costais Sainchomhairleoireachta**
Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholaíonn feidhmeanna seachfhoinsithe "gnáthghnó".

| | **2022** **€** | **2021** **€** |
|---|---|---|
| Dlí | - | 31,236 |
| Airgeadas | 9,777 | 22,286 |
| AD agus Pinsean | 30,782 | 28,558 |
| Eile | 42,266 | 15,164 |
| Comhaltas | - | 138,038 |
| Iomlán | **82,825** | **235,282** |

**Costais Dhlíthiúla agus Socruithe**
Níor tabhaíodh aon chostais dlí in 2022.

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe**
Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

| | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
|---|---|---|
| **Sa Bhaile** | | |
| An Chomhairle | 225 | - |
| Fostaithe | 3,439 | - |
| **An Ghné Idirnáisiúnta** | | |
| An Chomhairle | - | - |
| Fostaithe | 56,855 | 3,252 |
| **Iomlán** | **60,519** | **3,252** |

**Caiteachas ar Fháilteachas**
Áirítear an caiteachas seo a leanas sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas:

| | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ciste Spóirt agus Sóisialta na Foirne / Fáilteachas | 11,028 | 9,616 |
| Fáilteachas do Chliaint | 264 | 371 |
| **Iomlán** | **11,292** | **9,987** |

**Ráiteas Comhlíontachta**
Chomhlíon an Institiúid ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

**Na Nósanna Imeachta um Chomhaltaí Boird a Aithint agus a Roghnú**
Is iad comhaltaí na hInstitiúide a dhéanann comhaltaí Chomhairle na hInstitiúide a thoghadh de réir mar atá leagtha amach sna hAirteagail Chomhlachais agus ní cheaptar trí phróiseas na Seirbhíse Ceapacháin Phoiblí iad.

**Caiteachas ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**
Deonaíodh maolú don Institiúid ar Imlitir 02/2016 *Arrangements for Digital and ICT-related Expenditure in the Civil and Public Service* toisc go bhféadfadh sé ualach gnó gan ghá a chur ar an Institiúid.

Arna shíniú thar ceann na Comhairle

Sean O'Driscoll
Cathaoirleach na Comhairle

Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

**Réim Freagrachtaí**

Aithnímse, thar ceann Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú. Tá na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit mar chuid den fhreagracht sin.

**Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach**

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil go hiomlán daingean, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil ama.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Institiúid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais, seachas an tsaincheist a bhaineann le rialú inmheánach a bhfuil cuntas tugtha uirthi thíos.

**Cumas chun Déileáil le Riosca**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an Institiúid atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Chomhairle a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, duine acu atá ina Chathaoirleach. Bhuail an ARC le chéile ceithre huaire le linn 2022.

Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí curtha amach ar conradh ag an Institiúid, rud a fheidhmíonn de réir cairt ina gcuirtear san áireamh an treoir a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016. Déantar anailísiú ar na rioscaí a bhfuil an Institiúid fágtha gan chosaint orthu le bonn eolais a chur faoi chlár oibre iniúchóireachta inmheánaí. Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna don iniúchóireacht inmheánach, agus faomhann an Chomhairle iad.

D’fhorbair an ARC beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a inghlacthacht riosca agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile nach mór di oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca na hInstitiúide, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

**Creat riosca agus rialaithe**

Tá bearta déanta ag an gComhairle chun timpeallacht iomchuí rialaithe a chinntiú trí na nithe a leanas

- freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainmhíniú go soiléir agus
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an Chomhairle athbhreithniú air agus comhaontú faoi;
- athbhreithnithe rialta ag an gComhairle ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na tuartha;
- spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla atá sainmhínithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadal;
- córais leis na sócmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach**
Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easpaí rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is ábhartha. Gach bliain ar a laghad, cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc faoi ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh faoi bhráid na Comhairle. Áirítear sa tuairisc tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le leorgacht agus éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach maidir le rioscaí a bhainistiú agus/nó a mhaolú.

Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

1- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpriomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú,
2- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
3- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/tuartha.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Institiúid chun a chinntiú go ndéantar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair a chomhlíonadh.
Cuireadh síneadh leis na conarthaí reatha seo a leanas in 2022:

Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí
Cuireadh síneadh ama leis an gconradh leis an soláthraí reatha go dtí deireadh 2023. Cuireadh an glao ar thairiscintí siar le go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta na hInstitiúide tar éis an staidéar 'Fás Aníos in Éirinn' a aistriú agus glacadh leis an obair chumaisc san Institiúid.

Seirbhísí Dlí
Tabharfar faoi phróiseas nua soláthair in 2023 tar éis aistriú an staidéir 'Fás Aníos in Éirinn' a aistriú chuig an Príomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Priontáil
Cuireadh síneadh ama le conradh le comhlacht priontála ar leith le go bhféadfaí an staidéar 'Fás Aníos in Éirinn' a chur i gcrích agus deireadh á chur de réir a chéile le sainorduithe oibre baile.

Athshlánú ó Thubaiste TF
Tá córas nua néal-bhunaithe le tabhairt isteach in 2024. Cuireadh síneadh ama leis an gconradh leis an soláthraí reatha chun an idirthréimhse a chlúdach.

Creat Suirbhéanna
Cé go raibh an creat le dul in éag in 2022, cuireadh síneadh ama leis le go bhféadfaí creat nua a chur ar bun in 2023.

Riar Pinsean
Cuireadh síneadh ama leis an gconradh le go bhféadfaí scéim AVC na hInstitiúide a aistriú chuig Máistir-Iontaobhas in 2023.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Is iad an t-iniúchóir inmheánach; an Coiste Iniúchóireachta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh; na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Institiúid, atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil; agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuairiscí eile dá chuid a chuireann bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

Leanann an Institiúid uirthi ag forbairt córas um rialú inmheánach ach nósanna imeachta leanúnachais gnó a bheachtú agus creat bainistíochta riosca a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

Dearbhaímse go ndearna an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022. Thug an Chomhairle an t-athbhreithniú chun críche an 28/02/2023.

**Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

Aithníodh caiteachas neamhchomhlíontach soláthair chun solais mar chuid den iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2022. Tá an seasamh nuashonraithe i ndáil leis sin leagtha amach thíos.

**Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí**
Is é seo an conradh le haghaidh seirbhís chomhtháite chun an foirgneamh, an gléasra agus an t-innealra a bhainistiú. Bronnadh in 2016 é agus measadh go mbeadh €500k-€800k i gceist thar théarma 4 bliana. Ba é €443k an caiteachas in 2022. Cuireadh síneadh ama leis an gconradh leis an soláthraí reatha go dtí lár 2024. Bhí próiseas tairisceana ar bun i mí Aibreáin 2020 ach cuireadh ar fionraí é de dheasca na paindéime agus dhúnadh na hoifige. Toisc gur tugadh isteach an obair chumaisc, a d'fhág nach raibh an spás oifige á úsáid mar a bhíodh, agus de bharr go raibh cur agus cúiteamh ann faoi mhaoiniú na hInstitiúide ar an iomlán, beartaíodh síneadh ama a chur leis an gconradh reatha. Déanfar cinneadh amach in 2023 nó go luath in 2024 ar úsáid an fhoirgnimh amach anseo agus is é an cinneadh sin a chuirfidh bonn eolais faoi cibé acu a eagrófar glao eile ar thairiscintí le haghaidh na seirbhíse seo nó nach n-eagrófar.

**Seirbhísí Dlí**
Baineann sé seo le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí de réir mar is gá agus nuair is gá. Rinneadh próiseas soláthair in 2010 agus measadh tograí ó roinnt soláthraithe. Toisc nach féidir na riachtanais comhairle dlí a thuar, áfach, níor luadh aon luach ar leith leis an gconradh. Ba é €13,579 an caiteachas iomlán in 2022. Cuireadh glaonna eile ar thairiscintí siar le blianta beaga anuas de bharr gur tugadh tosaíocht do chonarthaí a raibh luach ní ba mhó ag baint leo agus toisc go raibh saineolas ar leith ag an soláthraí reatha ar an rannán 'Fás Aníos in Éirinn'. Bheartaigh an Coiste Bainistíochta fanacht go dtí go n-aistreofaí an rannán 'Fás Aníos in Éirinn' amach as an Institiúid ag deireadh 2022. Reáchtálfar glao ar thairiscintí le haghaidh na seirbhíse seo in 2023 agus tá sé i dhréachtfhoirm faoi láthair.

**Creat Suirbhéanna**
Feidhmíonn an Institiúid creat ilpháirtí faoina gcuirtear ar fáil seirbhísí a bhaineann le suirbhéanna sóisialta nó eacnamaíocha/bailiú sonraí. De réir an ghlao ar thairiscintí in 2018, ba é suas le €750k luach measta an chreata thar cheithre bliana go dtí mí Lúnasa 2022. Ba é €201,420 an caiteachas a tabhaíodh in 2022. Cuireadh an creat i bhfeidhm in 2018 tar éis glao ar thairiscintí ar eTenders agus OJEU. D'éag sé i samhradh 2022. Bhí sé deacair an tsonraíocht a athfhorbairt toisc go raibh athrú tagtha ar nádúr agus minicíocht ár riachtanas suirbhé ó reáchtáladh an glao ar thairiscintí roimhe sin. Is é sin ba chúis leis an moill ar an nglao nua ar thairiscintí. Reáchtáladh glao ar thairiscintí le haghaidh creat ilpháirtí sa chéad leath de 2023 agus fógraíodh ar eTenders agus ar OJEU é. Cuireadh trí chuideachta leis an gcreat. Go ceann suas le ceithre bliana a bheidh sé ar bun. Coinnítear súil ar dhátaí éaga na gconarthaí agus déantar plean soláthair a dhréachtú gach bliain. D'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh ama ag teastáil leis an nglao ar thairiscintí a ullmhú toisc go bhfuil an próiseas tairisceana chomh casta sin (i.e. creataí) nó de bharr go bhfuil athrú tagtha ar nádúr na seirbhíse. Cuirfear é sin san áireamh sa phlean soláthair le haghaidh glaonna níos casta ar thairiscintí mar seo.

**Athshlánú ó Thubaiste TF**
Baineann sé seo le bogearraí bainistithe a sholáthraíonn láithreán/seirbhís aisghabhála TF ar fhaitíos go gcaillfí córais TF (feidhm leanúnachais gnó). Cuireadh conradh bliana tosaigh i bhfeidhm in 2018. €16,663 in aghaidh na bliana an luach a bhí i gceist. Beartaíodh ó shin leanúint leis ar bhonn bliantúil. Ba é €16,663 an caiteachas in 2022. Táthar ag breathnú ar réiteach malartach a d'fhéadfaí a chomhtháthú sna bogearraí atá ann cheana. Déanfar é féin agus cruthúnas an choincheapa a thástáil agus a athbhreithniú ag féachaint lena chur chun feidhme in 2024. Coinnítear súil ar dhátaí éaga na gconarthaí agus déantar plean soláthair a dhréachtú gach bliain.

**Riar Pinsean**
Baineann an conradh seo le soláthar seirbhísí riaracháin pinsean i dtaca le scéimeanna pinsean uile na hInstitiúide. Bronnadh go ceann 5 bliana é siar in 2017 ar luach €23,450 in aghaidh na bliana. Ba é €23,450 an caiteachas in 2022. Reáchtálfar glao nua ar thairiscintí maidir leis an tseirbhís seo in 2023. Bhí moill ann toisc go bhfuil an soláthraí reatha i mbun obair AVC, obair a chaithfear a chur i gcrích sula gcuirfear tús leis an nglao nua ar thairiscintí. Coinnítear súil ar dhátaí éaga na gconarthaí agus déantar plean soláthair a dhréachtú gach bliain.

**Priontáil agus postas le haghaidh chonradh GUI**

Baineann an conradh seo le seirbhísí priontála agus postais agus le hobair ghaolmhar le linn na paindéime. Ní raibh aon próiseas foirmiúil tairisceana ann. Iarradh ar thrí chuideachta meastachán a thabhairt ar phíosa oibre. Ba é €117k an caiteachas sa bhliain 2022 agus is le postas a bhain €56k den mhéid sin. Ba ghá ábhar staidéir a chur chuig na daoine/teaghlaigh, na scoileanna agus na hagallóirí allamuigh a bhí páirteach sa staidéar. Dhéanfadh an chuid ba mhó den obair sin go hinmheánach roimh theacht na paindéime. Mar thoradh ar na sainorduithe oibre baile a bhí i bhfeidhm idir 2020 agus 2022, b'éigean dúinn cuideachta sheachfhoinsithe a úsáid. Fuarthas meastachán ar phíosa oibre ó roinnt soláthraithe. Bhí neamhchinnteacht ann maidir le riachtanais i rith na tréimhse sin agus ní raibh ach méid teoranta ama ann le pleanáil le haghaidh athruithe oibríochtúla – níor reáchtáladh glao ar thairiscintí le linn na tréimhse dá bhrí sin. Bhí an chuideachta ar conradh ina hOifigeach Staidrimh de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh freisin i dtaobh ainmneacha agus seoltaí tí na rannpháirtithe sa staidéar a phróiseáil. (Ceanglaíodh ar na baill foirne go léir a raibh baint acu le láimhseáil sonraí le haghaidh staidéar GUI a bheith ceaptha ina nOifigeach Staidrimh agus dearbhú rúndachta oifigiúil a shíniú). Níl na seirbhísí ar bhain an conradh seo leo ag teastáil a thuilleadh toisc go bhfuil an suirbhé críochnaithe chomh fada is a bhaineann sé leis an Institiúid. Is iad imthosca eisceachtúla na paindéime an phríomhchúis nár reáchtáladh glao ar thairiscintí sa chás seo. Tá céim bhreise anailíse agus tuairiscithe ina cuid den phróiseas soláthair anois. Déanfar athbhreithniú ar chaiteachas an tsoláthraí le linn na bliana reatha (agus tar éis dheireadh na bliana, leis). Ar an gcaoi sin, cuirfear bratach le réimsí ina bhfuil caiteachas carnach an tsoláthraí ag méadú ar bhonn ad hoc.

Arna shíniú thar ceann na Comhairle.

Sean O'Driscoll
Cathaoirleach na Comhairle

Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aige) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear le forálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is éard atá sna ráitis airgeadais ná an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe; an ráiteas ar ioncam cuimsitheach; an ráiteas ar an staid airgeadais; an ráiteas ar shreafaí airgid; agus na nótaí a ghabhann leo, chomh maith le hachoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

Maidir leis na ráitis airgeadais, i mo thuairim

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta amhail ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain sin
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*, agus
- ullmhaíodh de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 iad.

#### *Bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar an Institiúid agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam ar aon dul leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

#### *Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach*

D'ullmhaigh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Mar a thuairiscítear san aguisín leis an tuarascáil seo, déanaim conclúid maidir le

- a oiriúnaí atá sé do chomhaltaí na Comhairle bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hInstitiúide le leanúint ag aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

### Tuairim ar ábhair arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh i gcúrsa an iniúchta amháin, tuairiscím, i mo thuairim,

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuairisc chomhaltaí na Comhairle i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Fuair mé gach faisnéis agus gach míniúchán a mheas mé a bhí ag teastáil uaim chun críche m'iniúchta.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta na hInstitiúide le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean.)

Ceanglaítear orm le hAcht na gCuideachtaí, 2014 tuairisc a thabhairt i gcás gurb é mo thuairim nach bhfuil na nochtaí maidir le luach saothair agus idirbhearta chomhaltaí na Comhairle déanta de réir mar a cheanglaítear le hAilt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá tuairisc agus ráiteas maidir le rialú inmheánach curtha i láthair ag comhaltaí na Comhairle in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar dtuairiscím de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

*Soláthar neamhchomhlíontach*
Tá nochta sa ráiteas maidir le rialú inmheánach gur thabhaigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta caiteachas suntasach in 2022 ach nach raibh na nósanna imeachta a leanadh i dtaca leis sin i gcomhréir leis na treoirlínte soláthair phoiblí. Leagtar amach sa ráiteas freisin na céimeanna a glacadh, nó atá beartaithe, chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
22 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an Tuarascáil

**Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle**
Mar a shonraítear i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a chumasú, bíodh an míshonrú sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Ceanglaítear orm le halt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
  - Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas na hInstitiúide leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca a bheith ann amach anseo áfach a d'fhágfadh go scoirfí den Institiúid a bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**
Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith. I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar nithe eile**
Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí. Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

**RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022**

| | *Nótaí* | *2022* | *2021* |
|---|---|---|---|
| | | *€* | *€* |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas – An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Vóta 11 Fo-Cheannteideal A3 | | 3,000,000 | 3,000,000 |
| Ioncam Taighde | 2 | 9,240,063 | 8,364,265 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 3 | 646,251 | 235,350 |
| Ioncam Iomlán | | 12,886,314 | 11,599,615 |
| **Caiteachas** | | | |
| Íocaíocht | 4 | 9,580,993 | 8,835,332 |
| Costais Dhíreacha Tionscadail | 5 | 1,370,124 | 1,039,755 |
| Bunú | 6 | 963,247 | 790,494 |
| Riarachán | 7 | 590,133 | 626,306 |
| Caiteachas Iomlán | | 12,504,497 | 11,291,887 |
| Barrachas don Bhliain roimh Leithreasuithe/Aistrithe | | 381,817 | 307,728 |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 19 | 85,000 | 85,000 |
| Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasuithe/Aistrithe | | 466,817 | 392,728 |
| Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh ar an 1 Eanáir | 19 | 1,774,746 | 1,382,018 |
| Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh ar an 31 Nollaig | 19 | 2,241,563 | 1,774,746 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí ó 1 go 22 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo agus ba cheart iad a léamh in éineacht leo.

Sean O'Driscoll
Comhalta den Chomhairle: Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

Alan Barrett
Comhalta den Chomhairle: Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

| | *2022* | *2021* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe/Aistrithe | 466,817 | 392,728 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | (2,008,000) | (558,000) |
| Athrú ar na toimhdí maidir leis an dliteanas pinsin | 24,932,000 | (5,647,000) |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain | 22,924,000 | (6,205,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha an státchiste | (22,924,000) | 6,205,000 |
| Iomlán na nGnóthachan/(gCaillteanas) arna n-aithint don bhliain | 466,817 | 392,728 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí ó 1 go 22 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo agus ba cheart iad a léamh in éineacht leo.

Sean O'Driscoll
Comhalta den Chomhairle: Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

Alan Barrett
Comhalta den Chomhairle: Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

# RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2022

| | *Nótaí* | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 8 | 10,405,912 | 10,691,984 |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Fardal | | 1,562 | 1,562 |
| Infháltais | 9 | 3,009,727 | 1,808,725 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 10 | 2,934,861 | 3,648,672 |
| | | 5,946,150 | 5,458,959 |
| DLITEANAIS REATHA | | | |
| Suimeanna iníoctha (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | 11 | 5,257,239 | 5,070,357 |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | | 688,911 | 388,602 |
| SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA lúide DLITEANAIS REATHA | | 11,094,823 | 11,080,586 |
| Iasachtaí Fadtéarmacha (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin) | 12 | 5,968,260 | 6,335,840 |
| Dliteanas Fadtéarmach Pinsean | 17 | (61,367,000) | (82,382,000) |
| Níos lú Sócmhainn Pinsean Iarchurtha | 17 | 61,367,000 | 82,382,000 |
| GLANSÓCMHAINNÍ | | 5,126,563 | 4,744,746 |
| Lena léirítear | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 19 | 2,241,563 | 1,774,746 |
| Cúlchiste Caipitil | 19 | 2,885,000 | 2,970,000 |
| | | 5,126,563 | 4,744,746 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí ó 1 go 22 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo agus ba cheart iad a léamh in éineacht leo.

Sean O'Driscoll
Comhalta den Chomhairle: Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

Alan Barrett
Comhalta den Chomhairle: Dáta: 19 Meán Fómhair 2023

## AN RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas ioncaim thar Chaiteachas | 381,817 | 307,728 |
| Dímheas agus Lagú Réadmhaoine, Innealra agus Trealaimh | 387,200 | 392,581 |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | (1,201,002) | (299,644) |
| Méadú/(Laghdú) i Suimeanna iníoctha | 245,437 | 816,951 |
| (Méadú)/Laghdú ar Fhardal | - | 1,740 |
| Íocaíocht úis ar mhorgáiste sa bhliain | 57,348 | 31,992 |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid de thoradh Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | (129,200) | 1,251,348 |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a | (101,128) | (102,348) |
| cheannach | (101,128) | (102,348) |
| Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | |
| | | |
| **Sreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | (426,135) | (437,585) |
| Aisíocaíochtaí morgáiste sa bhliain | (57,348) | (31,992) |
| Íocaíocht úis ar mhorgáiste sa bhliain | (483,483) | (469,577) |
| Glansreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe | | |
| | (713,811) | 679,423 |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | 3,648,672 | 2,969,249 |
| | 2,934,861 | 3,648,672 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS ATÁ INA gCUID DÍOBH, DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasaíochta ar ghlac an Institiúid leo leis na méideanna atá sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais a dhéanamh amach agus lena dhéanamh amach go bhfuil torthaí na bliana mar seo a leanas. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Institiúid ar an 24 Meitheamh 1960 mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, tráth a dtugtaí an Institiúid Taighde Eacnamaíochta uirthi. Athraíodh an t-ainm ina dhiaidh sin chuig an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Is ag Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson atá an oifig chláraithe.

Táirgeann an Institiúid taighde a chuireann leis an tuiscint ar athruithe eacnamaíocha agus sóisialta sa chomhthéacs idirnáisiúnta nua agus a chuireann bonn eolais faoi cheapadh beartas poiblí agus faoin tsochaí shibhialta in Éirinn.

### b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na hInstitiúide don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

### c) Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaítear le hAchtanna na gCuideachtaí agus leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo (GAAP). Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith bainteach le ráitis airgeadais na hInstitiúide.

### d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin is ea Deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

Ioncam Taighde

Is éard atá san ioncam taighde ná luach na hoibre a rinneadh ar thionscadail aonair le himeacht an bliana. I gcás gur mó luach na hoibre a rinneadh ar thionscadal ná na méideanna a fuarthas nó a ndearnadh amach sonrasc ina leith, cuirtear an difríocht san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais faoi Infháltais mar Obair idir Lámha. I gcás gur lú luach na hoibre a rinneadh ná na méideanna a fuarthas, cuirtear an difríocht san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais faoi Chreidiúnaithe mar Ioncam Iarchurtha.

Deontais Chaipitil

Deontais chaipitil a fhaightear ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chomhair costas sócmhainní inláimhsithe, déantar iad a aistriú chuig an gCúlchiste Caipitil agus a amúchadh ar aon dul leis an dímheas ar na sócmhainní lena mbaineann.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Tá Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar don lagú. Déantar dímheas maidir le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ar rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta,de réir méid chothroim, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaireachta | 33.3% |
| Trealamh, daingneáin agus feistis eile | 20% |
| Foirgneamh | 2% |

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

**f) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an soláthar in aghaidh fiach amhrasach, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Institiúid in ann gach méid atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**g) Sochair d'Fhostaithe**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tá scéim pinsean le sochar sainithe i bhfeidhm do gach fostaí de chuid na hInstitiúide, de réir mar is iomchuí. Aistríodh sócmhainní scéimeanna pinsean na hInstitiúide chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) an 30 Meitheamh 2010 de bhun fhorálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Tá an scéim fós á feidhmiú dóibh siúd a bhí ina mball cheana gan aon athrú ar na sochair ná ar an soláthar gaolmhar do na baill.

Oibríonn an Institiúid Scéim Shingil Pinsin aonair na Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is scéim shochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin na seirbhíse poiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Sna costais pinsin, léirítear sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe, agus léirítear iad glan ar na ranníocaíochtaí pinsin foirne, a íoctar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear aon suim a bhaineann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe.

Ceanglaítear ar an Institiúid ranníocaíocht fostóra bhliantúil a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith na scéimeanna a aistríodh chuig an NPRF.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn na ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach trí bhíthin leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

**h) Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar a bpraghas idirbhirt ar an gcéad dul síos (luach reatha an airgid is iníoctha, costas idirbhirt san áireamh). Luaitear iasachtaí ar a gcostas amúchta ina dhiaidh sin. Aithnítear costais úis ar bhonn mhodha an úis éifeachtaigh agus áirítear i gcostais airgeadais é.

Rangaítear iasachtaí mar dhliteanais reatha ach amháin má tá ceart ann socrú na hiasachta a chur siar go ceann 12 mhí ar a laghad ón dáta tuairiscithe.

**i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an tuairiscithe agus na suimeanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le teagmhais nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhonn bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a fhulaingíonn bearnú lena fhéachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na toimhdí sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo

(iii) treochtaí sna rátaí costais i leith cúraim shláinte, an ráta boilscithe maidir le costais leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. Ioncam Taighde

| | *2022 Stát €* | *2022 Leathstát €* | *2022 Neamhstát/EC €* | *2022 Iomlán €* | *2021 Iomlán €* |
|---|---|---|---|---|---|
| Taighde a Coimisiúnaíodh | 268,250 | 578,511 | 19,362 | 866,123 | 978,009 |
| Deontais Taighde | - | 622,981 | 844,414 | 1,467,395 | 1,052,924 |
| Cláir Thaighde | 2,945,463 | 1,326,311 | 218,179 | 4,489,953 | 4,119,619 |
| Suirbhé 'Fás Aníos in Éirinn' | 2,416,592 | - | - | 2,416,592 | 2,213,713 |
| | 5,630,305 | 2,527,803 | 1,081,955 | 9,240,063 | 8,364,265 |

## 3. Ioncam Ilghnéitheach

*2022* *2021*

| | € | € |
|---|---|---|
| Síntiúis ball | - | 24,985 |
| Ioncam cíosa | 316,272 | 156,695 |
| Ioncam ó thiomsú airgid | 290,520 | 53,333 |
| Ioncam múinteoireachta | 38,000 | - |
| Ioncam eile | 1,459 | 337 |
| | 646,251 | 235,350 |

## 4. Íocaíocht

4.1 Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha | Nóta 4.3 | 7,950,548 | 7,287,530 |
| Costais Sochair Scoir | | 718,178 | 715,998 |
| Táillí Eile agus Buanchostais Árachais Sláinte | | 76,918 | 73,812 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra le Leas Sóisialach | | 835,349 | 757,992 |
| | | 9,580,993 | 8,835,332 |

4.2 Is é 114 (2021:109) líon na ndaoine a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) sa bhliain airgeadais. Áirítear san iomlán sin 89 (2021:89) buanbhall foirne (coibhéis lánaimseartha). Ní áirítear ann ball foirne atá fostaithe ar chonarthaí gearrthéarmacha i gcomhair agallamh. Ba é 94 (2021:93) an choibhéis lánaimseartha amhail ar an 31/12/22.

4.3 Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 7,556,617 | 6,918,297 |
| Liúntais | 393,931 | 369,233 |
| | 7,950,548 | 7,287,530 |

4.4 Le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí le sochar sainithe ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (RAB), a eascraíonn as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018- 2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tá an RAB tagtha in ionad na hasbhainte a bhain le pinsean (ABP), ar scoireadh di ag deireadh 2018. Cé gur beart éigeandála a bhí san PRD, is buan-ranníocaíocht é an ASC i leith luach saothair inphinsin. Íocadh €280,843 de ASC ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2022 (2021: €254,260).

4.5 Áirítear sa mhuirear chun tuarastal costais €2,244 (2021: €2,179) a tabhaíodh i leith an Athbhreithnithe Eacnamaíoch agus Sóisialta arna dhéanamh ag Economic and Social Studies. (Féach Nóta 15)

4.6 Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta

**Stiúrthóir**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | *€* | *€* |
| Tuarastal | 195,340 | 186,215 |
| Soláthar Aoisliúntais | 48,835 | 46,554 |
| Soláthar Leanúnachais Ioncaim | 3,907 | 3,724 |
| | 248,082 | 236,493 |

Ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe.

Ba é €1,038 (2021: €801) costais taistil agus chothaithe an Stiúrthóra in 2022.

Ní íocadh aon bhónais ná peorcaisí leis an Stiúrthóir in 2022.

**An Coiste Bainistíochta**

Tá an Coiste Bainistíochta comhdhéanta de Cheannairí na dTrí Rannán Taighde (Eacnamaíoch, Sóisialta agus Fás Aníos in Éirinn), den Cheann Airgeadais, den Bhainisteoir AD agus den Bhainisteoir Straitéise agus Oibríochtaí.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 696,615 | 665,784 |
| Liúntais | 59,616 | 55,816 |
| Iomlán | 756,231 | 721,600 |

4.7 Táillí agus Costais Bhoird

Ní fhaigheann comhaltaí Bhord na hInstitiúide táillí. Ní thaistealaíonn comhaltaí an Bhoird ar ghnó oifigiúil mar chomhaltaí den Institiúid. Na costais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad le freastal ar chruinnithe boird, tá siad i dteideal iad a éileamh. Is é €225 na costais a thabhaigh comhaltaí an Bhoird in 2022 (2021: €0).

4.8 Miondealú ar shochair fostaithe

Raon iomlán na sochar fostaithe – Líon na bhfostaithe

| Ó | Go dtí | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €69,999 | 9 | 10 |
| €70,000 | €79,999 | 6 | 5 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| €80,000 | €89,999 | 8 | 14 |
| €90,000 | €99,999 | 9 | 4 |
| €100,000 | €109,999 | 5 | 6 |
| €110,000 | €119,999 | 3 | 3 |
| €120,000 | €129,999 | 5 | 5 |
| €130,000 | €139,999 | 1 | 1 |
| €140,000 | €149,999 | 1 | 1 |
| €150,000 | €159,999 | 2 | - |
| €160,000 | €169,999 | - | 3 |
| €170,000 | €179,999 | 3 | - |
| €180,000 | €189,999 | - | 1 |
| €190,000 | €199,999 | 1 | - |

Tabhair do d'aire: Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

## 5. Costais Dhíreacha Tionscadail

| | *2022* | *2021* |
|---|---|---|
| | *€* | *€* |
| Sainchomhairleoirí agus Comhpháirtithe Líonra | 111,800 | 52,545 |
| Táillí Ball Foirne Allamuigh | 749,087 | 721,616 |
| Costais Dhíreacha Eile | 448,943 | 262,342 |
| Taisteal – In Éirinn | 3,439 | - |
| Taisteal – Thar Lear | 56,855 | 3,252 |
| | 1,370,124 | 1,039,755 |

## 6. Costais Bhunaithe

| | *2022* | *2021* |
|---|---|---|
| | *€* | *€* |
| Cíos agus Rátaí | 725 | 900 |
| Costais Úis | 57,348 | 31,992 |
| Teas, solas, cothabháil agus glanadh | 517,974 | 365,021 |
| Dímheas | 387,200 | 392,581 |
| | 963,247 | 790,494 |

## 7. Riarachán

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clódóireacht agus Páipéarachas | 16,992 | 16,216 |
| Postas, árachas, teileafón agus costais ghinearálta[1] | 159,041 | 127,347 |
| Costais Ríomhaire (lena n-áirítear táillí ceadúnaithe) | 235,216 | 208,278 |
| Taisteal | 62,862 | 9,612 |
| Leabhair agus síntiúis leabharlainne | 15,697 | 12,071 |
| Táillí Gairmiúla – Dlí | - | 31,236 |
| -Cáin agus Airgeadas | 9,777 | 22,286 |
| -Pinsean agus AD | 30,782 | 28,558 |
| -Eile | 42,266 | 153,202 |
| Táillí Iniúchóireachta | 17,500 | 17,500 |
| | 590,133 | 626,306 |

## 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | *Trealamh trealamh* | *Trealamh, daingneáin agus feistis* | *Foirgneamh* | *Iomlán* |
|---|---|---|---|---|
| Costas: | *€* | *€* | *€* | *€* |
| Amhail ag tús na bliana | 812,131 | 679,914 | 15,582,273 | 17,074,318 |
| Breiseanna | 20,481 | 80,647 | - | 101,128 |
| Diúscairtí | 102,782 | - | - | 102,782 |
| Amhail ag deireadh na bliana | 729,830 | 760,561 | 15,582,273 | 17,072,664 |
| Dímheas Carntha: | | | | |
| Amhail ag tús na bliana | 730,598 | 673,338 | 4,978,398 | 6,382,334 |
| Soláthraithe sa bhliain | 54,244 | 21,311 | 311,645 | 387,200 |
| Diúscairtí | 102,782 | - | - | 102,782 |
| Amhail ag deireadh na bliana | 682,060 | 694,649 | 5,290,043 | 6,666,752 |
| Glanluach de réir na leabhar amhail ag tús na bliana | 81,533 | 6,576 | 10,603,875 | 10,691,984 |
| Glanluach de réir na leabhar amhail ag deireadh na bliana | 47,770 | 65,912 | 10,292,230 | 10,405,912 |

## 9. Infháltais

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó thionscadail | 1,251,813 | 317,927 |
| Obair idir Lámha | 1,378,184 | 1,256,505 |
| Féichiúnaithe agus costais réamhíoctha eile | 379,730 | 234,293 |
| | 3,009,727 | 1,808,725 |

[1] San áireamh san fhigiúr tá €69,906 (2021: €9,610) a bhain le ceaintín foirne agus costais foirne eile, comhdhálacha agus imeachtaí eile, chomh maith le €11,028 (2021: €9,616) a bhain le ranníocaíocht le gníomhaíochtaí spóirt agus club sóisialta na bhfostaithe.

**10. Airgead agus Coibhéisí Airgid**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntais Bhainc | 2,934,806 | 3,648,617 |
| Airgead Tirim | 55 | 55 |
| | 2,934,861 | 3,648,672 |

**11. Suimeanna Iníoctha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cánacha Párolla | 299,511 | 313,693 |
| Cáin Bhreisluacha | 170,557 | 367,249 |
| Ioncam Iarchurtha | 3,070,772 | 2,437,106 |
| Creidiúnaithe Trádála | 103,963 | 75,064 |
| Cistí réamhíoctha HPO | 711,810 | 711,810 |
| Costais Fhabhraithe | 520,000 | 726,254 |
| Havbell Mortgage | 380,626 | 439,181 |
| | 5,257,239 | 5,070,357 |

Níl aon urrús curtha ar fáil ag an Institiúid i leith na gcreidiúnaithe thuas seachas Havbell Mortgage.

**12. Iasachtaí Fadtéarmacha (méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)**

| | *2022* | *2021* |
|---|---|---|
| | *€* | *€* |
| Morgáiste Havbell: Euribor +1% | | |
| Dlite tar éis aon bhliana amháin | 5,968,260 | 6,335,840 |

Cuireadh tús leis an iasacht mhorgáiste 30 bliain in 2006. Is ag Havbell Limited atá an chéad mhuirear ar an réadmhaoin ag Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2

**13. Cánachas**

Tá an chuideachta díolmhaithe ón gcáin chorparáide de bhun Alt 227, Sceideal 4, den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

**14. Ceangail — Caipiteal agus Eile**

Ní raibh aon cheangail chaipitil ná eile ar an Institiúid ar an dáta tuairiscithe.

**15. Cuideachta Chomhlachaithe**

Amhail an 31 Nollaig 2022 b'ann don ghnóthas cleamhnaithe seo a leanas.

Economic and Social Studies (ESS):
Is cuideachta chomhlachaithe é seo a bunaíodh in 1969 ar thionscnamh na hInstitiúide chun oideachas sna heolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta a chothú agus a chur chun cinn i measc mhuintir na hÉireann, le tagairt ar leith do na dálaí eacnamaíochta agus sóisialta in Éirinn agus dóibh siúd a imríonn tionchar ar Éirinn. Is é príomhghníomhaíocht ESS ná an t-irisleabhar *Economic and Social Review* a fhoilsiú. Cuireann an Institiúid seirbhísí riaracháin ar fáil do ESS ar bhonn pro-bono (Féach Nóta 4.5).

Sa bhliain, d'íoc an Institiúid costais €12,192 thar ceann ESS. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí €187,532 amuigh ag an Institiúid ar ESS.

Meastar gur páirtithe nasctha iad an Institiúid agus ESS toisc comhaltaí Comhairle coitianta a bheith acu.

## 16. Dliteanais Theagmhasacha agus Ábhair Eile

Níl Comhaltaí na Comhairle ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ábhartha amhail an dáta tuairiscithe.

## 17. Riosca Pinsin

### (a) Dliteanas agus Sócmhainn Phinsin

Mar a luadh i mBeartas Cuntasaíochta (g) thuas, aistríodh sócmhainní scéimeanna pinsean na hInstitiúide chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) an 30 Meitheamh 2010 de réir fhorálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Anois agus sócmhainní na scéime aistrithe, ceanglaítear ar an Institiúid ranníocaíocht phinsin bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis na sochair pinsin arna n-íoc ag an Institiúid a chur san áireamh. Cuireann an tAcht ar chumas an Aire aon easnamh sa scéim pinsean ábhartha a chúiteamh mura leor na ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag na baill agus ag an bhfostóir le comaoineacha na scéime sin a chomhlíonadh.

Tá an Institiúid faoi réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Ó 2012 i leith, tá iontrálaithe nua san Institiúid ag dul isteach i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Foráiltear in alt 44 den Acht d'íocaíochtaí ón Státchiste nó ón vóta leis an bhfostóir faoi chomhair comaoineacha scéime.

Tá an chóireáil agus na nochtaí a éilítear leis an gcaighdeán cuntasaíochta 'Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Sochair Scoir)' curtha in oiriúint ag an Institiúid chun go mbeidís ag teacht leis na socruithe atá i bhfeidhm. Cé go bhfeidhmíonn an socrú maoinithe ar bhonn glanphá leis an Roinn, creideann an Institiúid gurb ionann an socrúchán a bheag nó a mhór agus aisíocaíocht iomlán ar an dliteanas pinsin nuair a bhíonn na dliteanais sin le híoc agus, dá bhrí sin, aithníonn sí a ceart chun aisíocaíocht trí shócmhainn ar leithligh ar mhéid atá cothrom leis an dliteanas ag deireadh na bliana.

Is é €61,367,000 (2021: €82,382,000) an dliteanas pinsin FRS 102 amhail ar an 31 Nollaig 2022 bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais pinsin i leith fhoireann na hInstitiúide amhail an 31 Nollaig 2022 arna déanamh ag achtúire neamhspleách atá cáilithe chun críche FRS 102.

Aithnítear sócmhainn mhaoinithe iarchurtha €61,367,000, atá cothrom leis an dliteanas amhail ar an 31 Nollaig 2022, mar shócmhainn ar leithligh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

| Gluaiseacht ar an Dliteanas Pinsin | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luach reatha chomaoineacha na scéime ag tús na bliana | 82,382,000 | 74,604,000 |
| Costas Reatha Seirbhíse | 2,499,000 | 2,579,000 |
| Costas Úis | 1,200,000 | 713,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha | (22,924,000) | 6,205,000 |

| | | |
|---|---|---|
| Sochair Íoctha | (1,790,000) | (1,719,000) |
| Luach reatha chomaoineacha na scéime ag deireadh na bliana | 61,367,000 | 82,382,000 |

Is é nialas glanéifeacht an mhéid thuas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**(b) Costais Phinsin**

Is é €3,699,000 costais phinsin na bliana arna thomhas faoi FRS 102. Déantar iad sin a fhritháireamh le méid comhfhreagrach den mhaoiniú infhaighte. Is é glantionchar an mhéid thuas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe ná mar atá leagtha amach anseo thíos.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas Reatha Seirbhíse | 2,499,000 | 2,579,000 |
| Ús | 1,200,000 | 713,000 |
| Íocaíochtaí pinsin gan fritháireamh | 51,661 | 53,163 |
| Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha | (3,699,000) | (3,292,000) |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 666,517 | 662,835 |
| | 718,178 | 715,998 |

Rinne an Institiúid íocaíochtaí €51,661 le pleananna aonair pinsin le sochar sainithe (fostaithe roimh 1974) óna cuid acmhainní féin, méid nach ndéantar a fhritháireamh leis an méid is iníoctha faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

**(c) Ranníocaíochtaí a Íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

D'íoc an Institiúid ranníocaíochtaí €1,077,013 (2021: €1,065,914) san iomlán leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sular cuireadh san áireamh na sochair phinsin €1,649,938 (2021: €1,644,616) a íocadh sa bhliain. An difríocht €572,925 idir na sochair a d'íoc an Institiúid agus na ranníocaíochtaí a bhí dlite in 2022, aisíocadh leis an Institiúid í.

Bhí na ranníocaíochtaí comhdhéanta de ranníocaíochtaí fostóra €666,517 (2021: €662,835) agus ranníocaíochtaí fostaí €410,496 (2021: €403,079). San áireamh sna ranníocaíochtaí fostaí bhí ranníocaíochtaí €170,771 (2021: €152,219) a bhain le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

**(d) Tuairisc ar an Scéim agus ar na Toimhdí Achtúireacha**

Íocann an Institiúid sochair phinsin faoi thrí scéim pinsean:

- Maoirseoirí, Foireann Cléireachais agus Foireann Riaracháin Eile
- Scéim na Foirne Taighde

Scéimeanna le sochar sainithe iad sin. Íoctar na ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá pinsin an dá scéim faoi réir fhorálacha laghdaithe pinsin an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2010.

- Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Scéim le sochar sainithe í sin. Íoctar ranníocaíochtaí fostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Toimhdí Achtúireacha**
Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhthoimhdí Achtúireacha arna n-úsáid amhail an 31 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2021.
Úsáidtear na toimhdí amhail ar an dáta tuairiscithe chun an tSócmhainn/Dliteanas Pinsin a dhéanamh amach amhail ar an dáta sin, chomh maith leis an gcostas pinsin don bhliain dar gcionn.

| **Dáta Luachála** | **31/12/2022** | **31/12/2021** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.65% | 1.45% |
| Méadú Tuarastail | 3.15% | 2.7% |
| Méadú Pinsin | 3.15%/2.65% | 2.7%/2.2% |
| Boilsciú (CPI) | 2.65% | 2.2% |

**e) Cistiú pinsean**
Meastar go mbeidh ranníocaíochtaí pinsin fostóra agus fostaí €904,935 dlite don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith na bliana 2023 sula ndéanfar sochair mheasta pinsin €1,636,145 a asbhaint, méid a íocfaidh an Institiúid in 2023. Beidh an ghlandifríocht €731,210 ag dul don Institiúid ón Roinn.

**18. Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann**
Comhlacht reachtúil, neamhspleách is ea Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (an Chomhairle Bhuiséadach) ar bhunaigh Rialtas na hÉireann i mí an Mheithimh 2011 í. Déanann sí measúnú ar oiriúnacht réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha, réamh-mheastacháin bhuiséadacha agus staid fhioscach an Rialtais. Breathnaíonn an Chomhairle ar chomhlíonadh na rialacha fioscacha a leagtar síos le dlí chomh maith. Cuireann an Institiúid tacaíocht riaracháin ar fáil don Chomhairle.

Tá €26,489 san áireamh sna ráitis airgeadais faoi Infháltais a léiríonn méid atá amuigh ag an Institiúid ar an gComhairle Bhuiséadach amhail ar an 31 Nollaig 2022 maidir le tacaíocht riaracháin a cuireadh ar fáil sa bhliain.

**19. Cúlchistí**

| | Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | Cúlchiste Caipitil | Iomlán Cúlchistí |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022 | 1,774,746 | 2,970,000 | 4,744,746 |
| Barrachas don Bhliain tar éis pinsin a leithreasú chuig an RCPA | 381,817 | - | 381,817 |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 85,000 | (85,000) | - |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022 | 2,241,563 | 2,885,000 | 5,126,563 |

Léiriú é an cúlchiste caipitil ar na deontais chaipitil a fuarthas ón Roinn Airgeadais in 2008 agus ón Iontaobhas Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta in 2016 chun cabhrú leis an Institiúid a háitreabh gnó a mhaoiniú. Déantar na deontais a amúchadh ar aon dul le dímheas an fhoirgnimh.

## 20. Faisnéis arna nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

Is iad an Stiúrthóir agus comhaltaí na Comhairle na príomhphearsanra bainistíochta san Institiúid. Is é €249,345 (2021: €235,305) an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear costais chomhaltaí na Comhairle agus luach saothair iomlán an Stiúrthóra.

Féach Nóta 4.6 agus Nóta 4.7 le miondealú a fháil ar an luach saothair agus na costais a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta.

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an gcaoi a n-éilítear ar chomhaltaí Boird leasanna a nochtadh, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain ina raibh leas ag duine ar bith de chomhaltaí na Comhairle.

## 21. Teagmhais tar éis an Dáta Tuairiscithe agus Gnóthas Leantach

Níor tharla aon teagmhais idir dáta an tuairiscithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle agus an lucht bainistíochta ag déanamh monatóireacht ar chúrsaí Covid-19 ar bhonn leanúnach. Tháinig an fhoireann ar ais chuig an oifig i mí na Bealtaine 2022 agus tá samhail oibre cumaisc i bhfeidhm ar bhonn trialach. Ní raibh tionchar ar bith ag Covid-19 ar shreafaí airgid na hInstitiúide. Tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht agus oibríochtaí na hInstitiúide, agus tugtar réamhaisnéisí tráthrialta faoin sreabhadh airgid don Chomhairle agus do mháthair-roinn na hInstitiúide, is í sin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tar éis fiosruithe a dhéanamh agus ar an mbonn go bhfuil an deontas ón Oireachtais ag leanúint ar aghaidh ag an leibhéal cuí, measann na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an Institiúid le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá réir sin, lean siad orthu ag úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

## 22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 28 Feabhra 2023.